

Deirdre Ní Argáin - Ag Siúl sa Dorchadas

© Deirdre Ní Argáin



### Bí ag Smaoineamh/Bí ag plé

Céard a fheiceann tú sa phictiúr seo?

An gceapann tú go bhfuil an teideal oiriúnach – don phictiúr agus don saol?

Féach ar an lámh. An lámh duine fásta nó duine óg í an lámh sin?

Tá an fón póca an-dorcha. Tá an scáileán dubh. Tá an cúlra dubh ach tá an lámh níos gile. An maith leat an codarsnacht sin?

Cén dorchadas a bhaineann leis an bhfón póca, dar leatsa?

An mbaineann tú úsáid as fón nó ríomhaire?

Ar bhain tú úsáid astu nuair a bhí an scoil dúnta?

Cén úsáid a bhain tú as an bhfón, as *Zoom* nó as na meáin shóisialta fad is a bhí na scoileanna dúnta?

Conas a chabhraigh an teicneolaíocht le daoine sa bhliain 2020?

Conas is féidir leat tú féin a choinneáil slán, sábháilte agus guthán póca agat?

An gcaitheann daoine an iomarca ama ar an bhfón agus ar an ríomhaire?

An mbaineann tú úsáid as *téacschaint* nó *giorrúcháin* agus tú ag téacsáil?

An úsáideann tú Grma nó Grmma (Go raibh maith agat / Go raibh míle maith agat)

## Bí ag Scríobh

Déan liosta de na *giorrúcháin* ar fad atá ar eolas agat (mar shampla: CGL = ceart go leor; LDT – le do thoil). Bain úsáid as an idirlíon le cur le do liosta.

### Roghnaigh tasc amháin as na tascanna thíos:-

1. Scríobh téacschomhrá idir tú féin agus do chara. Bain úsáid as giorrúcháin nó téacschaint más féidir leat.
2. Scríobh script gairid le haghaidh scannáin. Bíodh suas le cúigear sa scannán. Má tá táibléad agat ar scoil is féidir úsáid a bhaint as (nó as feidhmchlár éigin) chun an scannán a dhéanamh. (D'fhéadfá amhrán a chumadh nó dán nó rud ar bith.)
3. Scríobh script gairid le haghaidh dráma a bhaineann leis an bhfón póca nó an ríomhaire nó na meáin shóisialta nó an stáisiún spraoi. D'fhéadfadh comhrá (nó argóint) a bheith ar siúl idir páiste agus tuismitheoir nó páistí agus múinteoir faoin méid ama atá á chaitheamh ag an bpáiste ar an bhfón nó ar an stáisiún spraoi.
4. Is fón póca tú. Scríobh scéal gairid nó dán faoi do shaol.
5. Is fón seanaimseartha tú. Conas a bhraitheann tú faoin bhfón póca? Scríobh scéal gairid nó dán faoi do shaol nó scríobh comhrá idir tú féin agus an fón póca.
6. Scríobh comhrá idir páiste óg a thuigeann gach rud faoi fhón, faoi ríomhairí, faoi chúrsaí teicneolaíochta agus duine nach bhfuil aon spéis aige sa teicneolaíocht. B'fhéidir go bhfuil siad ag caint ar *Zoom* nó go bhfuil an páiste ag iarraidh *Zoom* a mhíniú don duine eile.

### Do phictiúr féin

Déan pictiúr den Dorchadas (dorchadas de chineál ar bith)